An Coimisiún Pleanála

# Plean Straitéiseach

## 2026-2028



# Clár an Ábhair


| | |
|---|---|
| Ár nAistear…Ó An Bord Pleanála go dtí An Coimisiún Pleanála | 2 |
| Teachtaireacht ó Chéad Chathaoirleach An Coimisiún Pleanála | 3 |
| Teachtaireacht ó Chéad Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin An Coimisiún Pleanála | 4 |
| 1. Eolas maidir linn agus maidir leis an obair a dhéanaimid | 6 |
| 2. Ár Sprioc, Fís agus Luachanna | 8 |
| 3. Comhthéacs agus Deiseanna | 9 |
| 4. Colúin agus Cuspóirí Straitéiseacha | 10 |
| Colún 1 | 11 |
| Colún 2 | 12 |
| Colún 3 | 13 |
| Colún 4 | 14 |
| 5. An Próiseas Comhairliúcháin | 15 |
| 6. Seachadadh Straitéise | 16 |

# Ár nAistear…
# Ó An Bord Pleanála go dtí An Coimisiún Pleanála

**01 Eanáir 1977**

Bunaíodh An Bord Pleanála faoi Acht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1976.

**15 Márta 1977**

Tús curtha le hoibríochtaí – freagracht a ghlacadh as feidhmeanna Aireachta roimhe seo chun cinneadh a dhéanamh maidir le hAchomhairc Phleanála

**20 Márta 1984**

Athbhunaíodh an Bord faoi Acht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1983 - nósanna imeachta roghnúcháin reachtúla athbhreithnithe don chathaoirleach agus do na baill

**29 Eanáir 2002**

Bhog an Bord chuig a áitreabh neamhspleách féin ar Shráid Mhaoilbhríde de bhrí gur éiligh na feidhmeanna nua a sannadh faoi Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, méadú na heagraíochta

**11 Márta 2002**

Príomhfhorálacha Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, achtaithe. Ghlac an Bord le feidhmeanna suntasacha nua lena n-áirítear iarratais cheadaithe phleanála dhíreacha do thionscadail bhonneagair mhóra údaráis áitiúla, agus nithe gaolmhara

**31 Eanáir 2007**

Mar thoradh ar an Acht um Bonneagar Straitéiseach aistríodh feidhmchláir d'fhorbairt bheartaithe an bhonneagair straitéisigh agus fáil éigeantach ghaolmhar agus bonneagar poiblí sna hearnálacha Leictreachais, Gáis, Iarnróid agus Stáit go díreach chuig An Bord Pleanála

**18 Meitheamh 2025**

An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2024 Cuid 17 achtaithe

Aistriú chuig An Coimisiún Pleanála, tús á chur le céim nua

# Teachtaireacht ó chéad Chathaoirleach An Coimisiún Pleanála

**Cúis áthais dom a bheith ag obair leis an gcomhlacht pleanála náisiúnta seo a bhfuil ardmheas air, a bhfuil a ról agus a shainchúram ríthábhachtach chomh fada is a bhaineann le rath sóisialta agus eacnamaíoch na hÉireann.**

Tá ról tábhachtach ag pleanáil inár sochaí. Cuireann pleanáil ar ár gcumas an úsáid is fearr agus is féidir a bhaint as ár n-acmhainní agus saol na ndaoine ar fad atá ina gcónaí anseo a fheabhsú. Is gné lárnach de chóras pleanála na hÉireann é An Coimisiún Pleanála, agus tá a fheidhmíocht éifeachtach ríthábhachtach chun freastal ar na dúshláin a bhaineann lenár riachtanais tithíochta, iompair agus riachtanais an bhonneagair fóntas ar bhealach inbhuanaithe a urramaíonn prionsabail phleanála chuí.
Tá an Plean Straitéiseach seo bunaithe ar phríomhleasuithe atá leagtha amach in Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024, an Creat Náisiúnta Pleanála (athbhreithnithe) agus an tuarascáil agus plean gníomhaíochta, Bonneagar a Luathú, a foilsíodh le déanaí.

Tá sé mar aidhm leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024, soiléire a fheabhsú, comhsheasmhacht a fheabhsú agus, i ndeireadh na dála, muinín as an gcóras pleanála a mhéadú. Déanfar é sin trí amlínte cinnteoireachta reachtúla a bhunú, gach leibhéal d'fhorbairt pleananna a ailíniú níos fearr, an próiseas athbhreithnithe bhreithiúnaigh a fheabhsú agus An Bord Pleanála a atheagrú mar An Coimisiún Pleanála. Anois déanann ar struchtúr eagrúcháin athbhreithnithe deighilt ar leith idir feidhmeanna corparáideacha, cinnteoireachta agus rialachais agus ceapadh mise mar Chathaoirleach ar an gcéad Bhord Rialaithe seachtrach nuair a cuireadh tús le Cuid 17 den Acht ar an 18 Meitheamh 2025.

Ó tharla go bhfuil na struchtúir nua seo leabaithe san eagraíocht anois, tá béim á leagan againn ar fheidhmíocht láidir, na spriocanna agus na hamlínte atá sonraithe i ndáil le cinnteoireacht faoinár reachtaíocht nua a chomhlíonadh, agus leanúint ar aghaidh lenár seirbhísí a fheabhsú.

I bPlean Straitéiseach An Coimisiún Pleanála 2026-2028 leagtar amach an tslí a n-éireoidh linn ár bhfís a chomhlíonadh - "feidhmiú mar chomhlacht pleanála náisiúnta iontaofa, éifeachtach agus forásach atá ag feidhmiú ar mhaithe le leas an phobail" as seo go ceann trí bliana. Mar Bhord Rialaithe, geallaimid don phobal go mbeidh ról lárnach ag rialachas, eitic agus feidhmíocht fad is atáimid ag tacú leis an POF, na Coimisinéirí Pleanála agus na baill foirne a bhfuil an uaillmhian chéanna acu.

**Paul Reid**,
*Chathaoirleach*



# Teachtaireacht ó Chéad Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin An Coimisiún Pleanála

**Mar an chéad Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin lánaimseartha, cúis bhróid dom obair An Coimisiún Pleanála a threorú amach anseo agus an fhís atá leagtha amach sa Phlean Straitéiseach seo a chomhlíonadh sna blianta amach romhainn Tá an plean seo bunaithe ar bhunsraitheanna láidre: an saineolas, tiomantas agus luachanna stair fhada An Bord Pleanála mar chinnteoir gar-bhreithiúnach, neamhspleách ó 1977.**

Soláthróidh na ceithre cholún straitéiseacha agus na cúig luach atá leagtha amach sa phlean cinnteacht maidir le hamlínte cinnteoireachta agus cinnteoidh siad sláine an phróisis cinnteoireachta trí bheith trédhearcach, nuálach, measúil agus cothrom nuair a bhíonn siad ag déileáil le gach duine a idirghníomhaíonn le An Coimisiún Pleanála i rith an phróisis pleanála.



Eagraíocht a bhí i mbun athraithe bhunúsaigh a d'fhorbair an Plean Straitéiseach seo, eagraíocht a bhí ag aistriú ón An Bord Pleanála go dtí An Coimisiún Pleanála. Tá ár sainordú agus seasamh sa chóras pleanála mórán mar an gcéanna, ach tá an tuiscint ar 'cé muid' agus 'conas atáimid struchtúrtha' athraithe.
Is ionann an straitéis seo agus droichead idir an t-am atá caite agus plean don todhchaí a chinnteoidh go bhfuilimid in ann dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann leis an timpeallacht eacnamaíoch agus pholaitiúil i láthair na huaire, agus leis na deiseanna a bheidh ann sna laethanta amach romhainn.

D'fhorbraíomar an plean trí éisteacht le taithí na mball foirne, Coimisinéirí, páirtithe leasmhara agus taithí bhaill an Bhoird Rialaithe. Chabhraigh a dtaithí siúd ar an timpeallacht oibriúcháin linn chun ár gcuspóirí agus plean feidhmithe a mhúnlú agus a chur i gcomhthéacs. Rinneamar measúnú stuama ar na luachanna atá tábhachtach dar linn agus ar

an tslí a dtacóidh siad leis an bhfís fhoriomlán a sheachadadh.  Mar eagraíocht, táimid tiomanta dár luachanna a chur san áireamh sa bhealach a gcuirimid ár ngnó i gcrích, sa bhealach a gcuirimid seirbhísí ar fáil agus a ndéanaimid ár gcinntí.

Tá sé mar aidhm leis an bPlean Straitéiseach seo cur le heagraíocht shofhreagrúil, atá dírithe ar fhorbairt, atá in ann na ceanglais agus na feidhmeanna nua faoi Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024, a chomhlíonadh. Bunaithe ar shainordú ár gcomhlachta stáit, tá an obair ailínithe freisin le spriocanna straitéiseacha na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta do phleanáil agus d'fhorbairt chun cur le forbairt inbhuanaithe agus chothrom, agus le soláthar tithíochta ar ardchaighdeán.

Éilíonn an dúshlán a bhaineann leis an bhfís sa straitéis seo a chomhlíonadh smaointeoireacht nuálach, bealaí oibre nua agus imlonnú cliste ár n-acmhainní chun na torthaí is fearr agus is féidir a chinntiú. Fad is a bheimid ag obair ar ár bhfís, beidh tábhacht ag baint le forbairt agus le treisiú ár n-acmhainní agus ár gcumas eagrúcháin.

Baineann An Coimisiún Pleanála tairbhe as buanna, díograis agus éagsúlacht a mball foirne. Is mian linn an deis seo a thapú chun aitheantas a thabhairt don obair a dhéanann siad agus chun aird a tharraingt ar ár ngealltanas chun cultúr agus eagraíocht a fhorbairt a thairgeann deiseanna fiúntacha agus tairbheacha dár bpríomhshócháinn, 'ár mbaill foirne'.

Éileoidh an cur chun feidhme ardleibhéal tiomantais ó gach duine. Tá mé cinnte go mbeidh daoine sásta oibriú le chéile agus le tacaíocht ón mBord Rialaithe agus ón gCathaoirleach nua, go gcomhlíonfar cuspóirí agus fís Phlean Straitéiseach An Coimisiún Pleanála 2026 -2028.

**Peter Mullan**,
*Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin*



# 1 Eolas Maidir Linn agus Maidir leis an Obair a Dhéanaimid

**Is é An Coimisiún Pleanála comhlacht pleanála náisiúnta na hÉireann atá freagrach as cinntí neamhspleácha, tráthúla, gar-bhreithiúnacha a dhéanamh maidir le hachomhairc cinntí údaráis phleanála agus iarratais dhíreacha do thionscadail bhonneagair straitéiseacha. Tá An Coimisiún Pleanála freagrach freisin as cinneadh a dhéanamh maidir le tograí a bhaineann le fáil éigeantach talún á gcur i dtoll a chéile ag údaráis áitiúla i measc raon feidhmeanna pleanála gaolmhara eile.**

Feidhmíonn An Coimisiún Pleanála faoi reachtaíocht phleanála náisiúnta agus AE chasta. Ní comhlacht déanta beartas atá ann, agus ní comhlacht forfheidhmithe atá ann ach oiread. Tá ár ról sonraithe i reacht. Bunaíodh An Coimisiún Pleanála ar an 18 Meitheamh 2025 faoi Chuid 17 d'Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024, agus An Bord Pleanála (a bunaíodh sa bhliain 1977) an t-ainm a bhí orainn roimhe seo.

San áireamh i struchtúr An Coimisiún Pleanála tá trí ghné ar leith atá idirspleách, gach ceann cuntasach agus freagrach as seachadadh ár sainordaithe ar bhealach atá cothrom, cothromasach agus tráthúil.

**Tá an Bord Rialaithe** freagrach as an rialachas foriomlán agus leagann sé amach treo straitéiseach agus cuspóirí feidhmíochta An Coimisiún Pleanála. Tá an Bord Rialaithe freagrach freisin as monatóireacht agus as gnóthachtáil na gcuspóirí sin. Níl cead ag an mBord Rialaithe aon bhaint a bheith aige le breithniú nó le machnamh a dhéanamh in aon chás pleanála, de bhrí go bhfuil an fheidhm chinnteoireachta forchoimeádta go díreach do na Coimisinéirí Pleanála.

**Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin** freagrach as cúrsaí riaracháin agus gnó laethúil a bhainistiú. Níl aon bhaint ag an POF le haon chás cinnteoireachta agus is féidir leis nó léi páirt a ghlacadh i níos mó cumarsáide seachtraí ar mhaithe le trédhearcacht, iontaoibh agus muinín an phobail san eagraíocht a mhéadú.

**Tá Coimisinéirí Pleanála** freagrach as cinnteoireacht neamhspleách maidir le gach achomharc agus cás iarratais dhírigh agus déanann an Príomhchoimisinéir Pleanála maoirseacht ar a gcuid oibre.

**Tá ár mbaill foirne, atá gairmiúil agus a bhfuil neart taithí acu**, freagrach as tacú le agus as seachadadh chuspóirí agus fheidhmeanna na heagraíochta.

**TÁ AN BORD RIALAITHE**
freagrach as feidhmeanna rialachais foriomlána an Choimisiúin, lena n-áirítear Coimisinéirí a cheapadh, straitéis agus feidhmíocht

**Tá an POF**
freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar obair laethúil na heagraíochta, an Feidhmeannas agus nithe oibriúcháin agus tá na baill foirne ag croílár na hoibre ar fad

**TÁ COIMISINÉIRÍ PLEANÁLA**
freagrach as cinnteoireacht neamhspleách i ndáil le gach achomharc agus iarratas díreach

Is píosa reachtaíochta suntasach é Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024, a chomhdhlúthaíonn na hachtanna pleanála roimhe seo agus a bhunaíonn amlínte éigeantacha do chinntí pleanála chun breis cinnteachta a sholáthar. Ní mór cinntí a dhéanamh laistigh de 18 agus 48 seachtain ag brath ar an gcineál cáis. Forálann an tAcht freisin gur féidir am breise a chur san áireamh sa tréimhse iomchuí, mar shampla, má theastaíonn tuilleadh faisnéise nó más gá doiciméid a dháileadh. Sainordaítear amlínte sonracha i dTreoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite an AE (RED) III freisin do thionscadail a bhaineann le fuinneamh in-athnuaite.



# 2 Ár Sprioc, Fís agus Luachanna

## Sprioc

**Mar chuid lárnach den chóras pleanála, déanfaimid cinntí stuama, neamhspleácha agus neamhchlaonta ar bhealach cothrom, éifeachtúil agus trédhearcach a thacaíonn le forbairt inbhuanaithe agus le pleanáil chuí.**

## Fís

**Feidhmiú mar chomhlacht pleanála náisiúnta iontaofa, éifeachtach agus forásach atá ag obair ar mhaithe le leas an phobail.**

## Luachanna

**Beidh ár gcuid oibre á treorú ag na luachanna seo:**

**ÉIFEACHTÚLACHT AGUS ÉIFEACHTACHT:** Déanfaimid ár gcinntí agus cuirfimid ár n-oibríochtaí i gcrích go tráthúil, go gairmiúil agus go stuama. Tuigimid an tionchar atá ag ár ról sa phróiseas pleanála mar chomhlacht cinnteoireachta.

**IONRACAS:** Cuirimid ár bhfeidhmeanna i gcrích de réir na gcaighdeán is airde d’iompar agus d’eitic ghairmiúil. Cosnaímid neamhspleáchas agus neamhchlaontacht ár gcinnteoireachta.

**TRÉDHEARCACHT:** Táimid oscailte agus cuntasach chomh fada is a bhaineann lenár gcinntí, córais agus próisis. Táimid soiléir agus ionraic chomh fada is a bhaineann lenár gcumarsáid agus gníomhaíochtaí. Bainimid tairbhe as cur chuige réamhghníomhach nuair a bhímid i mbun rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara.

**NUÁLAÍOCHT:** Táimid sofhreagrúil agus toilteanach comhoibriú le daoine eile. Déanaimid iarracht i gcónaí ár gcórais agus ár bpróisis a fheabhsú, agus an tslí a mbímid ag obair lena chéile agus le daoine eile.

**MEAS:** Tá meas againn ar an luach agus ar an dínit a bhaineann le gach duine. Tá tuiscint shoiléir againn ar an gceart a bhaineann le rannpháirtíocht chothrom, inrochtana do chách sa chóras pleanála

# 3 Comhthéacs agus Deiseanna

## Eacnamaíoch

Ní mór d'Éirinn riachtanais bhonneagair chriticiúil daonra agus geilleagair atá ag fás a chur ar fáil ar mhaithe le hiomaíochas a fheabhsú, forbairt réigiúnach chothrom a chinntiú agus ár n-oibleagáidí aeráide a chomhlíonadh. D'fhógair an Rialtas infheistíocht chaipitil shuntasach agus leasuithe reachtacha chun dlús a chur leis an bhforbairt seo, dúshlán a shonrú don chóras pleanála chun forbairt a dhéanamh agus freagra a fheabhsú. Ní mór do An Coimisiún Pleanála amlínte éigeantacha a chomhlíonadh i ndáil le gach achomharc, iarratas bonneagair straitéisigh díreach agus forbairt mhórscála chónaithe. Táimid ag súil go méadóidh ár n-ualach oibre fad is atáimid ag déileáil leis na dúshláin tithíochta reatha agus leis an mbrú ar an mbonneagar, agus ní mór feabhsuithe feidhmíochta agus éifeachtúlachta leanúnacha a chinntiú chun freastal ar éileamh.

## Creat Reachtach

Tá an creat reachtach pleanála fós casta. Tá méadú suntasach tagtha ar líon na gcinntí pleanála faoi réir Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh le blianta beaga anuas. Tá sé mar aidhm le leasuithe atá leagtha amach in Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024, agus sa phlean gníomhaíochta chun Bonneagar a Luathú, teorainn a chur leis na costais dlí agus an tionchar atá ag athbhreithnithe breithiúnacha a laghdú. Tá foireann gnóthaí dlí bunaithe ag An Coimisiún Pleanála chun cinntí a chosaint, cinntí a ailíniú le fasaigh na nUaschúirteanna agus foghlaim ó bhreithiúnais chúirte. Leanfaimid ar aghaidh ag tacú le tionscnaimh agus leasuithe a chuireann dlús le héisteacht agus le cur i gcrích iarratas ar athbhreithniú breithiúnach ar liosta Pleanála agus Comhshaoil na hArd-Chúirte.

## An Timpeallacht

Tá ról i bhfad níos suntasaí i gcinntí pleanála ag measúnuithe timpeallachta a theastaíonn faoi reachtaíocht AE agus náisiúnta le blianta beaga anuas. Comhthreomhar leis sin, tugadh méadú faoi deara ar líon na ndúshlán dlí i gcoinne cinntí pleanála a idirghníomhaíonn le Treoracha maidir leis an Timpeallacht. Tá speisialtóirí timpeallachta agus dlí ag An Coimisiún Pleanála anois chun ár n-acmhainn i gcomhthéacs atá ag éirí níos casta i gcónaí a mhéadú. Leanfaimid ar aghaidh ag foghlaim ó chásdlí atá ag forbairt agus cuirfimid lenár bhfoirne speisialtóirí chun a chinntiú go mbeidh saineolas againn agus go mbeimid in ann cinntí stuama a dhéanamh.

## An Pobal

Tá tús áite á thabhairt againn do mhuinín a bheith ag daoine as an obair atá á déanamh againn i ndiaidh dúinn déileáil le teipeanna rialachais corparáideacha roimhe seo. Tá moltaí beartais agus nósanna imeachta Oifig an Rialálaí Pleanála (ORP) curtha chun feidhme, agus tá riaráistí cáis laghdaithe go suntasach. Tá a chuid acmhainní foirne méadaithe ag An Coimisiún Pleanála agus tá critéir thosaíochta curtha i bhfeidhm chun feidhmíocht agus comhlíonadh na tréimhse cuspóirí reachtúla (TCR) a fheabhsú.

Ní mór dúinn leanúint ar aghaidh le rannpháirtíocht agus le nuálaíocht chun ár seirbhísí a fheabhsú de réir ionchais an phobail agus ní mór dúinn muinín an phobail a fheabhsú go leanúnach.

# 4 Colúin agus Cuspóirí Straitéiseacha

**Tá ár modh oibre agus na nithe a dtabharfaimid tús áite dóibh bunaithe ar ár sprioc, fís agus luachanna. Cuirfimid dlús lenár bhfís trí cheithre cholún straitéiseacha. Beidh gníomhartha soiléire agus indéanta luaite le gach colún mar aon le plean feidhmithe a mbeidh monatóireacht agus athbhreithniú rialta á dhéanamh air.**

## Colún 1

Cur leis an gcáil atá orainn mar chomhlacht pleanála náisiúnta iontaofa, éifeachtach agus forásach a thugann aird ar na caighdeáin ghairmiúla agus ar an eitic is airde.

## Colún 2

Cinntí stuama, neamhchlaonta agus neamhspleácha a dhéanamh a urramaíonn inbhuanaitheacht agus pleanáil chuí.

## Colún 3

Seirbhísí ar ardchaighdeán, córais nuálacha agus próisis éifeachtúla a sholáthar a cheadaíonn rannpháirtíocht chothrom agus atá inrochtana do chách.

## Colún 4

Eagraíocht ionchuimsitheach, shofhreagrúil agus atá dírithe ar fhorbairt a chruthú.

Colún 1

**Cur leis an gcáil atá orainn mar chomhlacht pleanála náisiúnta iontaofa, éifeachtach agus forásach a thugann aird ar na caighdeáin ghairmiúla agus ar an eitic is airde.**

## Cuspóirí

- Muinín a chothú i measc páirtithe leasmhara trí chumarsáid oscailte agus rannpháirteach, agus neamhspleáchas ár gcinntí a chinntiú ag an am céanna
- Ceannaireacht straitéiseach a chinntiú, treoraithe ag na caighdeáin ghairmiúla agus ag an eitic ghairmiúil is airde
- A chinntiú go bhfuil córais, próisis agus cleachtas ailínithe le treo feidhmíochta agus straitéiseach an Bhoird Rialaithe
- Ár gcinntí agus seirbhísí a fheabhsú go leanúnach agus meas a léiriú ar an ról uathúil atá againn sa chóras pleanála

## Gníomhartha Samplacha

### Straitéis chumarsáide chuimsitheach, fhorásach a chruthú chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Feasacht agus tuiscint ar ár sprioc, ról agus seirbhísí a fhorbairt
- Ár líonra caidrimh ar fud an chórais phleanála a threisiú agus a leathnú, an méid a fhoghlaimítear ó chásobair a roinnt agus rannpháirtíocht leanúnach le páirtithe leasmhara
- Seasamh leis na caighdeáin is airde inrochtaineachta, trédhearcachta agus gairmiúlachta inár gcumarsáid inmheánach agus sheachtrach

### Dlús a chur leis an leibhéal is airde de chaighdeáin Rialachais agus Eiticiúla

- Ceanglais feidhmíochta agus rialachais an Bhoird Rialaithe a chur chun feidhme
- Muinín a chothú inár neamhspleáchas agus neamhchlaontacht i gcinnteoireacht atá ailínithe le ceanglais rialachais an chóid iompair
- Feachtais rialta a reáchtáil chun feasacht ar agus tuiscint ar fhreagrachtaí faoin gCód Cleachtais agus Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024 a mhéadú

## Toradh a bhFuiltear ag Súil Leis

Beidh An Coimisiún Pleanála ag feidhmiú mar eagraíocht iontaofa agus éifeachtach, agus beidh tuiscint níos fearr ag an bpobal ar ár ról sa chóras pleanála.



**Colún 2**

**Cinntí stuama, neamhchlaonta agus neamhspleácha a dhéanamh go héifeachtach a urramaíonn inbhuanaitheacht agus pleanáil chuí.**

## Cuspóirí

- Na hamlínte atá leagtha amach in Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024, a chomhlíonadh go hiomlán
- Baill foirne agus comhairligh a earcú a bhfuil na scileanna agus an saineolas cuí acu chun nuálaíocht a chinntiú i gcleachtas mar aon le barr feabhais i gcinnteoireacht
- Cumas a fhorbairt agus a fheabhsú trí fhoghlaim agus forbairt, agus tionscnaimh chultúrtha
- Díriú ar chomhsheasmhacht i gcleachtais chinnteoireachta agus foghlaim leanúnach a chomhtháthú ar mhaithe leis an tseirbhís a fheabhsú

## Gníomhartha Samplacha

**A chinntiú go ndéantar cinntí stuama agus eolasacha tríd an méid seo a leanas:**

- Úsáid feabhsaithe a bheith á baint as uirlisí anailíse sonraí agus tuairiscithe sonraí
- Próisis ghnó a fheabhsú le seirbhísí digiteacha feabhsaithe
- Dul chun cinn fíor-ama cásanna a thuairisciú, tagarmharcáilte i gcoinne amlínte cinnidh comhaontaithe ar ár suíomh gréasáin
- Córais inmheánacha chun foghlaim leanúnach agus feabhsuithe seirbhíse a threisiú

## Toradh a bhFuiltear ag Súil Leis

Beidh cinntí An Bord Pleanála soiléir, éasca le tuiscint agus á seachadadh laistigh d’amlínte sonraithe/comhaontaithe. Beidh ár gcinntí bunaithe ar bhreithiúnas fónta, meas ar inbhuanaitheacht agus pleanáil chuí.

Colún 3

**Seirbhísí ar ardchaighdeán, córais nuálacha agus próisis éifeachtúla a sholáthar a cheadaíonn rannpháirtíocht chothrom agus atá inrochtana do chách.**

## Cuspóirí

- Seirbhísí ar an gcaighdeán is airde a sholáthar agus ag an am céanna rannpháirtíocht chothrom a chinntiú
- Comhsheasmhacht agus inrochtaineacht a fhorbairt d'úsáideoirí sa chóras pleanála trí rannpháirtíocht le comhlachtaí pleanála eile
- Plean Gníomhaíochta Seirbhísí do Chustaiméirí nua a fhorbairt agus glacadh lena leithéid a mbeidh comhairliúchán poiblí ina lár
- Dlús a chur le haistriú agus le straitéis dhigiteach agus a leithéid a chur chun feidhme
- Cothromas agus inrochtaineacht i seirbhís a chinntiú, agus aitheantas a thabhairt dár ról uathúil sa chóras pleanála trí chéile


## Gníomhartha Samplacha

### Seirbhísí digiteacha a sheachadadh

- Trínár straitéis dhigiteach, deiseanna a shainaithint chun ár gcórais a chuíchóiriú agus rochtain ar fhaisnéis ábhartha a fheabhsú trí dhoiciméid dhigiteacha a chomhtháthú ar bhealach níos fearr
- Scrúdú a dhéanamh ar an mbealach is féidir linn teicneolaíochtaí nua a úsáid, cosúil le IS, ar bhealach éifeachtúil agus eiticiúil
- Leanúint ar aghaidh le rochtain chothrom ar sheirbhísí a chinntiú do chách

## Toradh a bhFuiltear ag Súil Leis

Soláthróidh An Coimisiún Pleanála seirbhís dhigiteach iomlán ionas gur féidir achomhairc agus iarratais a dhéanamh ar líne, agus beidh daoine in ann breathnú ar chomhaid (ar líne).



**Colún 4**

**Eagraíocht ionchuimsitheach, shofhreagrúil agus atá dírithe ar fhorbairt a chruthú.**

## Cuspóirí:

- Eagraíocht a fhorbairt atá sofhreagrúil agus in ann déileáil le dúshláin agus le deiseanna
- Cinnteofar timpeallacht oibre dhearfach agus shábháilte do chách ina bhfuil béim á leagan ar chomhoibriú agus ar ionchuimsiú
- Beidh an struchtúr eagrúcháin ailínithe le ceanglais seachadta seirbhíse
- Beidh nuálaíocht agus barr feabhais á spreagadh fad is a bheidh cobhsaíocht oibriúcháin á cothabháil

## Gníomhartha Samplacha

**Beidh pleanáil fhadtéarmach na foirne oibre agus straitéisí forbartha á déanamh chun tacú leis an méid seo a leanas:**

- Forbairt scileanna i réimsí nua, saineolas foirne reatha a úsáid mar aon le hearcaíocht spriocdhírithe nuair is gá
- Cinnteofar go mbeidh léargas á thabhairt ar éagsúlacht ar fud na heagraíochta
- Forbrófar deiseanna foghlama spriocdhírithe agus forbartha do bhaill foirne agus do Choimisinéirí
- Bunófar clár meantóireachta foirmiúil chun cabhrú le heolas a roinnt agus le pleanáil chomharbais
- Bunófar cleachtais soghluaisteachta foirne ar bhonn foirmiúil mar aon le scileanna agus róil mheaitseála

## Toradh a bhFuiltear ag Súil Leis

Beidh foirne oibre rannpháirteacha agus oilte ag An Coimisiún Pleanála a bheidh ailínithe le cuspóirí eagrúcháin agus le riachtanais atá ag forbairt. Is rogha fostóra a bheidh ionann do bhaill foirne ardoilte agus chumasacha a bheidh ag obair in eagraíocht thacúil, nuálach agus fháilteach



# 5 An Próiseas Comhairliúcháin

**Forbraíodh an Straitéis seo i gcomhairle lenár mBaill Foirne, Coimisinéirí, baill den Bhord Rialaithe, an pobal i gcoitinne agus páirtithe leasmhara sonracha a bhfuil baint acu leis an gcóras pleanála.**

Is mian linn buíochas a ghabháil leo siúd ar fad a chaith dua agus iarracht le haighneachtaí a dhéanamh agus a d'fhreastail ar sheisiúin ár bhfócasghrúpaí. Cuireadh gach ionchur san áireamh nuair a bhí an plean seo á fhorbairt.



# 6 Seachadadh Straitéise

## Pleananna Seachadta Bliantúla

Seachadfaidh An Coimisiún Pleanála an straitéis seo trí chláir oibre bhliantúla a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Doiciméadófar iad seo sna pleananna seachadta bliantúla ina ndéanfar cur síos ar ghníomhartha a bhfuil sé mar aidhm leo na cuspóirí a chomhlíonadh laistigh d'amfrámaí sainithe. Beidh ár n-acmhainní in úsáid againn chun ár dtorthaí ionchasacha a bhaint amach i réimsí ina mbeidh an tionchar is suntasaí acu.

## Tuarascálacha ar Dhul Chun Cinn

Tuairisceofar dul chun cinn ráithiúil don Bhord Rialaithe mar aon le hachoimrí bliantúla ar thorthaí do gach colún. Beidh príomhbhéim á leagan sna tuarascálacha seo ar chomhlíonadh sonraí i gcomparáid le hamlínte cinnteoireachta éigeantacha, mar aon le sonraí maidir leis an tréimhse ábhartha a d'fhéadfadh síneadh a chur le/sos a chur leis an tréimhse ama do chúiseanna sonracha nó bunaithe ar thoiliú. Glacfar le táirgí insoláthartha an phlean seo mar chuid den chomhaontú seachadta maoirseachta agus feidhmíochta leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta freisin.



An Coimisiún Pleanála

64 Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, D01 V902
+353 1 858 8100 | communications@pleanala.ie | www.pleanala.ie